



## AN CHÉAD CHOLÚN DEN CHOMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA (CBT): II — ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA LE FEIRMEOIRÍ

Mar thoradh ar athchóiriú 2003 agus ar scrúdú sláinte 2009, rinneadh díchúpláil ar an gcuid is mó den chúnamh díreach agus aistríodh é chuig an scéim íocaíochtaí aonair (SIA) nua nó chuig an scéim íocaíochtaí aonair limistéir le haghaidh na mBallstát nua. Le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, sainmhínítear an córas íocaíochta aonair le héifeacht ón 1 Eanáir 2015.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 38 go 44 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); Le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 347, an 20.12.2013, Ich. 549) agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 347, an 20.12.2013, Ich. 608), arna leasú le Rialachán (AE) 2017/2393 (IO L 350 an 29.12.2017, Ich. 15) (ar a dtugtar ‘omnibus’ go minic, a bhí a gabháil leis na togra arna dtíolacadh ag an gCoimisiún tráth an athbhreithnithe meántearma laistigh de chreat ilbhliantúil 2014/2020).

### CUSPÓIRÍ

Faoin CBT don tréimhse 2014-2020 coinnítear dhá cholún ach daingnítear na naisc eatarthu, agus, ar an gcaoi sin, cruthaítear cur chuige níos comhtháite agus níos ginearálta maidir le cúnamh sa réimse sin. Bunús aonair dlí is ea Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus leagtar síos ann rialacha cuimsitheacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí, ar íocaíochtaí iad atá níos spriocdhírthe, níos cothroime agus níos ‘glaise’.

### BUNÚS RIALACHÁN (AE) UIMH. 1307/2013

#### A. Forléargas

Is aistriú iad na socruithe tacaíochta dírí ón ‘díchúpláil’ chuig an ‘spriocdhíriú’. Táthar tar éis córas nua a chur in ionad an chórais a bhí bunaithe ar chúnamh talmhaíochta a dhíchúpláil ó tháirgeadh agus tacaíocht chineálach ioncaim a sholáthar, a tugadh isteach in 2003, agus faoin gcóras nua tá gach gné nasctha le sainchuspóirí. Tá córas íocaíochtaí ilchuspóra tagtha in ionad íocaíochtaí aonair feirme, agus tá seacht ngné ag baint leis: (1) ‘íocaíocht bhunúsach’ in aghaidh an heicteáir, ar gá a leibhéal a chuíchóiriú i gcomhréir le critéir eacnamaíocha nó riaracháin náisiúnta nó réigiúnacha agus faoi réir próiseas cóineasaithe (ar a dtugtar ‘inmheánach’); (2) gné ‘ghlas’, i



bhfoirm tacaíocht bhreise chun cúiteamh a íoc maidir leis na costais a bhaineann le hearraí poiblí comhshaoil a sholáthar, ar earraí iad nach nglanann an margadh a gcostas in a leith; (3) íocaíocht bhreise d'fheirmeoirí óga; (4) 'íocaíocht athdháilte' trínar féidir tacaíocht bhreise a thabhairt d'fheirmeoirí le haghaidh na chéad heicteáir dá ngabháltas talmhaíochta; (5) tacaíocht bhreise ioncaim i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag baint leo; (6) tacaíocht chúpláilte don táirgeadh, arna deonú i ndáil le limistéir áirithe nó cineálacha feirmeoireachta ar chúiseanna eacnamaíochta nó sóisialta; (7) córas simplithe roghnach le haghaidh 'feirmeoirí beaga', a fhaigheann íocaíochtaí níos lú ná EUR 1 250. Tá na chéad trí ghné sin éigeantach maidir leis na Ballstáit agus tá na ceithre cinn dheireanacha deonach. Ní mór do na Ballstáit 30% dá n-imchlúdach náisiúnta íocaíochtaí díreacha a dhíriú ar íocaíochtaí 'glasa'. Déantar an 70% atá fágtha a leithdháileadh ar 'íocaíochtaí bunúsacha', tar éis an méid iomlán a úsáidtear le haghaidh an chúlchiste náisiúnta do theidlíochtaí (éigeantacha, suas le 3% de na himchlúdaigh náisiúnta) a asbhaint, agus íocaíochtaí athdháilte breise (suas le 30%), íocaíochtaí d'fheirmeoirí óga (suas le 2%) nó do limistéir faoi mhíbhuntáiste (suas le 5%), nó íocaíochta atá cúpláilte le táirgeadh (suas le 15%). Ní bheidh ach feirmeoirí gníomhacha (arna sainmhíniú bunaithe ar liosta diúltach atá le socrú ag gach Ballstát) incháilithe le haghaidh na n-íocaíochtaí nua in aghaidh an heicteáir. Ina theannta sin, go dtí 2019, beidh na híocaíochtaí sin faoi réir próiseas um chóineasú páirteach (ar a dtugtar 'seachtrach') i measc na mBallstát, gan gach éagsúlacht ar fud na críche Eorpaí a cur as an áireamh (éagsúlachtaí a bheadh ann mar thoradh ar na himchlúdaigh chabhrach agus ar na limistéir incháilithe arna leithdháileadh ar gach Ballstát in 2015).

## **B. Príomhghnéithe**

### **1. Scéim na híocaíochta bunúsaí (BPS) / An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL) (éigeantach le haghaidh na mBallstát)**

Is ionann íocaíochtaí díreacha faoin gcóras nua íocaíochta bunúsaí agus tuairim agus 70% d'imchlúdach náisiúnta na mBallstát, tar éis asbhaint na méideanna arna leithdháileadh ar fheirmeoirí óga nó íocaíochtaí deonacha eile: limistéir faoi mhíbhuntáiste, scéim na bhfeirmeoirí beaga, íocaíochtaí athdháilte agus íocaíochtaí 'cúpláilte'. I gcás dhá Bhallstát déag, déanfar dáta dul in éag na scéime íocaíochta aonair limistéir, scéim atá níos simplí agus, dá bhrí sin, atá ar ráta comhréidh, a chur siar go dtí 2020. I ndáil le 'cóineasú inmheánach', na Ballstáit sin a choinnigh, suas go dtí 2013, leithdháiltí arna sainiú agus aird á tabhairt ar an am a chuaigh thart, ní mór iad a fhorbairt i dtreo leibhéil níos aonfhoirmí d'íocaíochtaí in aghaidh an heicteáir. Tá roinnt roghanna ar fáil dóibh chun déanamh amhlaidh: féadfaidh siad cur chuige náisiúnta nó réigiúnach a ghlacadh (bunaithe ar chritéir riaracháin nó agranamaíochta), rud a chuirfidh ar a gcumas íocaíocht réigiúnach nó náisiúnta chomhréidh a thabhairt isteach faoi 2019, nó a áirithiú, i gcás na bhfeirmeacha sin a fhaigheann níos lú ná 90% den mheánráta réigiúnach nó náisiúnta, go méadóidh a n-íocaíochtaí de réir a chéile, ar an gcoinníoll breise go bhfaighidh gach feirmeoir, faoi 2019, íocaíocht íosta ar comhionann í agus 60% den meánráta náisiúnta réigiúnach. Déantar na méideanna atá ar fáil d'fheirmeoirí a fhaigheann níos mó ná an meán réigiúnach nó náisiúnta a choigeartú go comhréireach, ar an tuiscint go mbeidh na Ballstáit in ann teorainn 30 % a chur leis na 'caillteanais' theagmhasacha tacaíochta.



## 2. Sásraí chun athdháileadh a dhéanamh ar íocaíochtaí bunúsacha (deonacha)

Tá sé de cheart ag na Ballstáit íocaíocht athdháilte a dhéanamh le haghaidh na chéad heicteár, ar féidir leo suas le 30% den imchlúdach náisiúnta a leithdháileadh ina leith, don chéad 30 heicteár, nó suas le meánmhéid na bhfeirmeacha más rud é go bhfuil sé níos mó ná 30 heicteár). Rogha eile atá ar fáil dóibh ná íocaíocht uasta in aghaidh an heicteáir a chur i bhfeidhm. Féadfaidh na Ballstáit atá ag úsáid na híocaíochta athdháilte a bheith díolmhaithe ón gcéimlaghdaitheacht éigeantach maidir le híocaíochtaí bunúsacha thar EUR150,000 (íosmhéid de 5%).

## 3. Scéim na bhfeirmeoirí óga (éigeantach do na Ballstáit)

Chun athnuachan idir na glúnta a spreagadh, le linn na chéad chúig bliana i ndiaidh a mbunaithe, déantar ardú 25% ar an íocaíocht bhunúsach d'fheirmeoirí óga — feirmeoirí nua faoi bhun 40 bliain d'aois iad atá bunaithe le tréimhse níos lú ná cúig bliana. Déantar an t-ardú sin a mhaoiniú le suas le 2% den imchlúdach náisiúnta. Tá sé éigeantach do na Ballstáit. Déantar an íocaíocht sin anuas ar bhearta eile ar féidir le feirmeoirí óga leas a bhaint astu faoi chlár um fhorbairt tuaithe.

## 4. Glasú (éigeantach do na Ballstáit, agus a bhfuil cur i bhfeidhm solúbtha ag baint leis)

Gheobhaidh gach feirm, anuas ar an íocaíocht bhunúsach nó an íocaíocht limistéir aonair, íocaíocht bhreise in aghaidh an heicteáir mar gheall ar chleachtais feirmeoireachta a úsáid atá chun tairbhe don aeráid agus don chomhshaol. Ceanglaítear ar na Ballstáit 30% dá n-imchlúdach náisiúnta a leithdháileadh ar an íocaíocht 'ghlas' sin. Foráiltear trí bheart, eadhon:

- éagsúlú barr; ní mór don fheirmeoir ar a laghad dhá bharr éagsúla a shaothrú má tá níos mó ná 10 heicteár de thalamh arúil aige nó aici; má tá níos mó ná 30 heicteár aige nó aici, ní mór dó nó di ar a laghad trí bharr a shaothrú; ní ceadmhach don phríomhbharr níos mó ná 75% den talamh arúil a chlúdach, agus ní ceadmhach don dá phríomhbharr níos mó ná 95% a chlúdach;
- féarthailte buana atá ann cheana a choimeád;
- 'limistéar ina ndírítear ar an éiceolaíocht' a choinneáil, arb ionann é agus 5 % ar a laghad de thalamh arúil an ghabháiltais ar fheirmeacha ar a bhfuil níos mó ná 15 heicteár de thalamh arúil (seachas féarthailte agus barra buana): binn de ghoirt, fála, crainn, talamh branair, gnéithe den tírdhreach, bith-tíopaí, stiallacha maoláin, limistéir faoi fhóraois nó barra fosaithe nítrigine.

Gearrfaí pionóis fhíorghéara mura gcomhlíonfar na ceanglais maidir le 'glasú'. Aon duine a dhéanann amhlaidh a luaithe agus atá an idirthréimhse thart, d'fhéadfaidís 125% de na híocaíochtaí 'glasa' a fhorghéilleadh. Chun nach ngearrfaí pionóis ar fheirmeoirí atá ag dul i ngleic cheana le saincheisteanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta, bunaítear leis an rialachán córas coibhéise 'glaise', faoina meastar cleachtais atá chun tairbhe don chomhshaol agus atá i bhfeidhm cheana a bheith ag comhlíonadh na mbuncheanglas sin. Mar shampla, ní fhorchuirtear aon cheanglais bhreise ar tháirgeoirí orgánacha, mar go bhfuil sé léirithe cheana go bhfuil na cleachtais a úsáideann siad sochrach ó thaobh na héiceolaíochta de. I gcás táirgeoirí eile,



féadfaidh scéimeanna agra-chomhshaoil bearta a chuimsiú a meastar iad a bheith coibhéiseach. Sa rialachán nua tá liosta de na bearta coibhéiseacha sin. Ionas nach ndéanfaí bearta den sórt sin a mhaoiniú faoi dhó, is gá íocaíochtaí a dhéantar faoi chlár forbartha tuaithe na ceanglais maidir le 'glasú' a chur san áireamh.

#### **5. Íocaíochtaí cúpláilte (deonach do na Ballstáit)**

Chun leigheas a dhéanamh ar na héifeachtaí neamhfhabhracha a d'fhéadfadh a bheith ag an 'gcóineasú inmheánach' ar earnálacha nó réimsí fíor-íogaire, tá an rogha ag na Ballstáit íocaíochtaí cúpláilte a dhéanamh, i.e. íocaíochtaí atá nasctha le táirgí ar leith. Ní ceadmhach do na híocaíochtaí sin a bheith níos mó ná 8% den imchlúdach náisiúnta más rud é go bhfuil tacaíocht chúpláilte íochta cheana ag an Ballstát, fiú ar 13% i gcás ina bhfuil leibhéal na tacaíochta sin níos airde ná 5%. Féadfaidh an Coimisiún ráta níos airde a fhorghas i gcás ina bhfuil údar cuí leis. Anuas air sin, féadtar tacaíocht 'chúpláilte' (nach mó ná 2%) a sholáthar do bharrá próitéin.

#### **6. Limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag baint leo/limistéir mhídheisiúla (ANCanna/LFAanna) (íocaíocht dheonach)**

Féadfaidh na Ballstáit (nó na réigiúin) íocaíocht bhreise suas le 5% den leithdháileadh maoiniúcháin náisiúnta a dheonú i gcás limistéir atá aicmithe mar limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag baint leo.

#### **7. Feirmeoirí gníomhacha (éigeantach do na Ballstáit, agus tá an cur i bhfeidhm solúbtha)**

D'fhonn fadhb na 'bhfeirmeoirí ar an tolg' a réiteach agus deireadh a chur le roinnt bealach éalaithe dlíthiúil, a chuir ar chumas cuideachtaí nach í an fheirmeoireacht a bpríomhghnó íocaíochtaí díreacha a éileamh tríd an athchóiriú, rinneadh neartú ar na rialacha faoina sainmhínítear cad is feirmeoirí gníomhacha ann. Tá sé de cheangal ar na Ballstáit cloí le liosta diúltach nua de ghníomhaíochtaí gnó nach féidir íocaíochtaí díreacha a dhéanamh ina leith ach amháin más féidir leis na gnólachtaí aonair lena mbaineann a léiriú go bhfuil siad i mbun na feirmeoireachta i ndáiríre (mar thoradh ar an Rialachán 'Omnibus', lena ndéantar na critéir maidir le cruthúnas ina leith a dhéanamh níos scaoilte [Rialachán (AE) IO L 350 an 2017/2393, lch. 15]) (3.2.9). Is féidir leis na Ballstáit gníomhaíochtaí gnó breise a chur leis an liosta diúltach.

#### **8. Heicteáir incháilithe (le cur i bhfeidhm solúbtha)**

Sainítear 2015 mar an bhliain thagartha nua le haghaidh dearbhuithe maidir leis an limistéar talún. I gcás na mBallstát sin a d'fhéadfadh a bheith ag súil leis go dtiocfaidh méadú mór ar an limistéar incháilithe arna dhearbhu, tá cead acu líon na dteidlíochtaí íocaíochtaí a bheidh le leithdháileadh in 2015 a theorannú do 135% nó 145% de líon na heicteár arna dhearbhu in 2009.

#### **9. Scéim na bhfeirmeoirí beaga (deonach)**

Faoin CBT nua, féadfaidh na Ballstáit scéim shimplithe a chur ar fáil d'fheirmeoirí beaga i gcás ina ndéantar íocaíocht de suas le EUR 1250, gan beann ar mhéid na feirme. Tá rannpháirtithe faoi réir ceanglais nach bhfuil chomh docht sin agus ní gá dóibh na ceanglais maidir le 'glasú' a chomhlíonadh. Ní ceadmhach do chostas iomlán scéim na bhfeirmeoirí a bheith cothrom le níos mó ná 10% den leithdháileadh maoiniúcháin náisiúnta, ach amháin i gcás ina gcinneann na Ballstáit a áirithiú go



bhfaighidh feirmeoirí beaga an méid a bheidís tar éis a fháil murach ann do scéim den sórt sin.

#### 10. Traschomhlíonadh (éigeantach)

Rinneadh na forálacha maidir le traschomhlíonadh a dheimhniú agus a shimpliú trí íocaíochtaí díreacha a chur faoi réir an choinníll go gcomhlíonadh feirmeoirí an méid seo a leanas: (a) caighdeáin arna leagan síos ag na Ballstáit maidir le dálaí agranamaíocha agus comhshaoil d'fhonn teorannú a dhéanamh ar chreimeadh ithreach, struchtúr na hithreach agus leibhéil d'ábhar orgánach a choinneáil agus caighdeáin íosta chothabhála a áirithiú; (b) caighdeáin Eorpacha i bhfeidhm maidir le sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe, an comhshaoil agus leas ainmhithe. Mura gcloífídh feirmeoir leis na rialacha traschomhlíonta, déanfar na híocaíochtaí díreacha dá bhfuil sé nó sí i dteideal a laghdú nó cuirfear deireadh leo. Leis an Rialachán, dearbhaítear go ndéanfar an Creat-treoir Uisce agus an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí a ionchorprú sa chóras traschomhlíonta a luaithe is a léireofar go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go cuí i ngach Ballstát agus a luaithe is a bheidh oibleagáidí na bhfeirmeoirí sa réimse seo sainithe go soiléir.

#### 11. An sásra buiséadach agus smachta airgeadais (éigeantach)

Tugadh isteach sásra smachta buiséid chun an caiteachas faoin gcéad cholún de CBT a choinneáil níos ísle ná na huasteorainneacha buiséid bliantúla arna socrú faoin gcreat ilbhliantúil airgeadais (1.4.3). Déanfar coigeartú ar na híocaíochtaí díreacha a mholadh nuair a léireofar sna réamh-mheastacháin go rachfar thar an gcaiteachas tuartha iomlán i mbliain airgeadais ar leith. Ní bheidh feidhm ag aon laghdú maidir leis an gcéad EUR 2000 arna íoc le gach feirmeoir. Ina theannta sin, féadtar na híocaíochtaí díreacha a dhéantaí le feirmeoirí roimhe seo a laghdú freisin i ngach bliain airgeadais chun maoiniú a fhuascailt don 'chúlchiste géarchéime' nua (suas go huasteorainn de EUR 400 milliún) (3.2.4).

#### 12. An Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (éigeantach)

Táthar tar éis an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (a dtugtar na hinisealacha Béarla IACS air freisin) a dhearbhu agus a dhaingniú freisin. Áirítear ann ar a laghad: bunachar sonraí ríomhairithe, córas chun dáileachtaí talmhaíochta a shainaithint, córas chun teidlíochtaí íocaíochta dírí a shainaithint agus a chlárú, córas comhtháite rialaithe agus córas chun gach feirmeoir a chuireann iarratas ar chúnaimh isteach a shainaithint.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

An 13 Márta 2013 ghlac an Pharlaimint sraith cinntí lena leasaítear tograí reachtacha CBT iar-2013 [P7\_TA(2013)0084 go P7\_TA(2013)0087, IO C 36 an 29.1.2016, Ich. 240 go 704], a bhí mar bhunús don chaibidlíocht leis an gComhairle. Tar éis roinnt cruinnithe tríthaobhacha, thángthas ar chomhaontú polaitiúil an 26 Meitheamh 2013. Bhí gá le hidir-réiteach idir an Pharlaimint agus an Chomhairle, áfach, maidir le roinnt gnéithe de na socruithe buiséid le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe. A luaithe is a bhí na cúrsaí sin socraithe, rinne an Pharlaimint – an 20 Samhain 2013, díreach tar éis ghlacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil le haghaidh 2014-2020 — sraith rún [P7\_TA(2013)0490 go P7\_TA(2013)0494, IO C 436 an 24.11.2016, Ich. 270-280] a



ghlacadh, agus an dearcadh fabhrach aici i leith an CBT nua á cur in iúl athuair aici. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe mheántearma faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020, leis na leasuithe arna dtíolacadh ag an bParlaimint cuirtear feabhas ar na rialacháin maidir le híocaíochtaí glasa agus maidir le híocaíochtaí le feirmeoirí óga. Thángthas ar chomhaontú leis an gComhairle i mí Dheireadh Fómhair 2017 agus foilsíodh an téacs i mí na Nollag 2017 [Rialachán (AE) Uimh. 2017/2393, IO L 350 an 29.12.2017, lch. 15].

Albert Massot  
05/2019

